GX895

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

DÁMHA NA NDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

SCRÚDUITHE AN DARA SEIMEASTAR 2001

SCOIL NA GAEILGE

AN TRÍÚ BLIAIN
AN CEATHRÚ BLIAIN

GAEILGE

AN DARA PÁIPÉAR

Alan Titley
Mícheál Mac Craith
Pádraig Ó Héalaí

Trí huaire an chloig a cheadófar.
Trí cheist le freagairt: **ceist amháin** as gach roinn.
Úsáid **freagarleabhar** ar leith do gach roinn.

Roinn A: NG 358 Litríocht an Fichiú Aois IV(Creidmheas 2.5) Dírbheathaisnéis

1 Pléigh an cineál dírbheathaisnéise atá i gceist in *An tOileánach;* mínigh conas a tháinig ann don leabhar agus tagair don eagarthóireacht a rinneadh air.

2 'Ní hé an t-eolas a thugtar ann faoin saol traidisiúnta an fiúntas is mó a bhaineann le *An tOileánach.*' Pléigh.

3 'Tugtar léiriú maith ar mheon an údair agus ar mheon a phobail in *An tOileánach.*' Pléigh.

4 'Aoir chumasach ar dhírbheathaisnéisí na Gaeilge atá in *An Béal Bocht.*' Pléigh.

5 'Tá níos mó i gceist in *An Béal Bocht* ná aoir ar *An tOileánach.*' Pléigh.

6 'Tá neamhspleáchas intinne go mór chun tosaigh sna tréithe a léiríonn údar *Mo Bhealach Féin.*' Pléigh.

7 'Is mór idir *Mo Bhealach Féin agus An tOileánach.*' Pléigh.

.../

Roinn B: NG 358 Litríocht an Fichiú hAois IV (Creidmheas 2.5)
Úrscéal agus Gearrscéal

8 Ní féidir níos mó a rá faoi *Lig sinn i gcathú* ach gur leabhar éadrom taitneamhach é. Pléigh.

9 Meascán de dhá scéal is ea *Lig sinn i gcathú,* scéal Bhaile an Chaisil agus scéal Mháirtín Úí Mhéalóid.

10 Scríbhneoirí ceannródaíocha le linn a n-aimsire féin a bhí i Máirtín Ó Cadhain agus Micheál Ó Conghaile agus ba chor nua i litríocht na Gaeilge a bhí ina saothar araon. Pléigh an ráiteas sin.

11 Easpa mhór i nualitríocht na Gaeilge a laghad den ghreann atá le fáil inti ach ní miste a rá go mbíonn cuid mhaith den súgradh tríd an dáiríre i saothar Mháirtín Uí Chadhain, Bhreandáin Uí Eithir agus Mhichíl Uí Chonghaile. Pléigh an ráiteas sin maidir le saothar **beirte** acu ar a laghad.

Roinn C: NG 356 Prós agus Scéalaíocht III (Creidmheas 2.5)
Litríocht an 17ú hAois

12 'The seventeenth century was the most brilliant, the most copious, and the most tragic century in the history of Irish letters.' Pléigh an ráiteas seo de chuid Aodha de Blácam i bhfianaise a bhfuil léite agat de phrós Gaeilge na haoise sin.

13 Luaigh **dhá** cheann ar bith de shaothair phróis an 17ú haois agus déan comparáid eatarthu ó thaobh cúlra, ábhair agus stíle de.